Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8644/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0110 (NLE)**

**POLCOM 70**
**WTO 55**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta i ndáil le haontachas na Brasaíle leis an gComhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta |

**CINNEADH (AE) 2023/ ... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta i ndáil le haontachas na Brasaíle leis an gComhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta[1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 80/271/CEE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1980.

(2) Chuir an Bhrasaíl a hiarratas ar aontachas leis an gComhaontú faoi bhráid an Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta ('an Coiste'), in éineacht lena gealltanais taraife mholta, an 14 Meitheamh 2022,.

(3) I bhfianaise na ngealltanas sin, comhlíonann iarratas na Brasaíle ar aontachas leis an gComhaontú na ceanglais a leagtar amach ann.

(4) Tá coinne leis go mbeidh tionchar dearfach ar thrádáil shaor neamhshaofa in earnáil na n-aerárthaí sibhialta de thairbhe aontachas na Brasaíle leis an gComhaontú.

(5) De bhun Airteagal 9.1.3 den Chomhaontú agus phointe 5 den Nóta Treorach maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal 9.1.3 den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gCoiste cinneadh a dhéanamh lena n-aontaítear le téarmaí an aontachais agus a thoiliú a thabhairt don rialtas iarrthach ionstraim aontachais a thaisceadh le hArd-Stiúrthóir EDT, ina luaitear na téarmaí arna gcomhaontú amhlaidh.

---

1 IO L 71, 17.3.1980, lch. 58.

2 Cinneadh Uimh. 80/271/CEE ón gComhairle an 10 Nollaig 1979 maidir le Comhaontuithe Iltaobhacha a tháinig as caiblíochtidlíochtaí trádála na mblianta 1973–1979 a chur i gcrích (IO L 71, 17.3.1980, lch. 1).

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste i ndáil le haontachas na Brasaíle leis an gComhaontú a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta, aontachas na Brasaíle leis an gComhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta a fhormheas.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*